

Téarmaíocht na Gaeilge: turgnamh *in vitro*

Úna Bhreathnach agus Caoilfhionn Nic Pháidín
Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

1. RÉAMHRÁ

Rianaíonn an t-alt seo saothrú na téarmaíochta Gaeilge go dtí ár linn féin. Breactar an comhthéacs stairiúil go hachomair go dtí aimsir na hathbheochana ag deireadh an naoú haois déag agus féachtar ansin ar shaothrú na téarmaíochta ag glúin na hathbheochana. Tharla forbairt nua faoi cheannas an tSaorstáit ar ball nuair a bhí soláthar le déanamh do phleanáil chorpas na Gaeilge agus don téarmaíocht go háirithe. Pléitear na príomhréimsí inar saothraíodh nuathéarmaíocht na Gaeilge san fhichiú haois. Chruthaigh forbairtí teicneolaíochta sa cheathrú dheiridh den aois sin deis agus dúshlán ar leith don téarmaíocht, agus pléitear an tionscadal focal.ie atá á fhorbairt in Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus go háirithe an dúshlán a bhaineann le seirbhís téarmaíochta den scoth a sholáthar do phobal na Gaeilge anois, ag teacht le stádas reachtúil agus idirnáisiúnta na teanga.¹

San alt seo baintear leas as fráma oibre Jean Calvet (1999 agus 2002) chun dealú idir cumadóireacht an phobail *in vivo* agus ionramháil oifigiúil *in vitro* ón mbarr anuas. Baineann an t-idirdhealú sin go mór le hábhar agus téarmaíocht na Gaeilge á saothrú le breis agus céad bliain, rud a d'aithin muintir na Gaeilge féin:

Is idirdhealú tábhachtach é agus sinn ag caint ar oiriúnacht agus ar chruinneas na dtéarmaí, an difear idir an téarma a fhásann go nádúrtha as cleachtas pobail nó cainte, más carráideach féin é, agus an rud a chumtar, dá chirt é, ag coiste saineolaithe, le freastal ar bhearna fhollasach eolais. (Ó Murchú: 18)

2. AN TÉARMAÍOCHT ROIMH AN ATHBHEOCHAN

2.1 SAIBHREAS NA GAEILGE: SAMPLAÍ Ó AOISEANNA ÉAGSÚLA

Le breis mhaith agus míle cúig chéad bliain, tá téarmaí nua á gcruthú ag an nGaeilge agus cinn eile á nglacadh chuici féin aici chun déileáil le forbairtí sóisialta, polaitiúla, eaglasta agus teicneolaíochta. Ba mhó a bhí i gceist le tionchar teangeolaíochta theacht na

¹ Ba mhaith leis na húdair a mbuíochas a chur in iúl don Choiste Téarmaíochta as a gcaoinchead a thabhairt taighde a dhéanamh ar a gcuid taifead, do Dhonla Uí Bhraonáin a chuir comhairle agus roinnt tagairtí ar fáil, agus do Shinéad Ní Chruaioi a chuidigh leis an alt seo a chóiriú don chló.

Críostaíochta go hÉirinn sa chúigiú haois ná an script Rómhánach a ghlacadh. Rinneadh téarmaíocht eaglasta a lánpháirtiú sa Ghaeilge trí scoip shéimeantach na bhfocal dúchais a mhéadú trí lomaistriúchán, trí thraslitriú nó trí réimír nó iarmhír Laidine a chur le focal dúchais. Is samplaí den téarmaíocht eaglasta Laidine a glacadh isteach sa Ghaeilge iad ‘sagart’, ‘Aifreann’, ‘peaca’ agus ‘paidir’.

Ba mhinic a d’úsáid scoláirí na luath-Ghaeilge sanasaíocht áiféiseach do théarmaí agus chum siad catagóirí agus aicmí, i ngrúpaí seachtair de ghnáth—seacht suáilce, seacht nduáilce agus mar sin de. Is é an sampla is túisce de liosta suáilcí (mar leigheas ar a nduáilcí comhfhreagracha) ná an *Aipgitir Chrábaid*, a luaitear go minic le Colmán moccu Béognai, a d’éag sa bhliain 611. Is sampla luath eile de chatagóiriú í an ghluais ina bhfuil lámhscríbhinn bhlúireach ón ochtú haois dar teideal *Bretha for Catshlechtaib* (Breithiúnais ar Chatagóirí na gCat) (Binchy: 1550.15-17), le hiontrálacha ar nós:

[Meóine]

meone .i. tréncat dogní meighligh

[Cruibhne]

cruipne .i. trencat a lus a cruipe²

Cé nach raibh aon ollscoil in Éirinn sa mheánaois, bhí an léann tuata faoi bhláth chomh maith leis an léann eaglasta, le scoláirí Éireannacha ag dul thar sáile agus cáil á baint amach ag roinnt ionad foghlama in Éirinn. Aistríodh dréachtaí liachta, dlí, réalteolaíochta agus gramadaí ón Laidin go Gaeilge agus ba ghnách go n-iarrfaí ar scoláirí véarsaí a chumadh seachas aistí a scríobh (Mac Airt: 103-4). Seo véarsa ag cur síos ar an India, a scríobh Airbertach Mac Coisse mar chuid de théacs tíreolaíochta sa deichiú haois (Breathnach 1997: 41-2):

Ro-fess a maith as cech aird,
a maignéit, a hadamaint,
is a mairgréit a hur i n-or,
a hór is a carmocal.

D’fhág na Lochlannaigh a rian féin ar an nGaeilge sa naoú agus sa deichiú haois (Breathnach: 332-3), go háirithe i réimsí ar nós cúrsaí mairnéalachta agus iascaigh—‘scód’, ‘stiúir’, ‘dorú’ agus ‘trosc’, mar shampla.

² Tugann na húdair aitheantas do chúnamh an Ollaimh Máirín Ní Dhonnchadha in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, maidir leis an tagairt seo.

I rith na Meánaoiseanna, cuireadh téacsanna ar fáil ar nós an aistriúcháin ó Laidin go Gaeilge ar chuid mhór de *Rosa Anglica* le John as Gaddesden nó Johannes Anglicus, lia agus scríbhneoir liachta ardchlú. Scríobhadh *Rosa Anglica* sa bhliain 1314 agus ceaptar gur aistríodh go Gaeilge é idir tríocha agus seasca bliain ina dhiaidh sin. Is foinse luachmhar é ó thaobh roinnt leaganacha cainte agus téarmaí nach raibh taifeadta roimhe sin (Wulff: xxxv-xxxvii). Tugtar roinnt samplaí thíos den téarmaíocht mheánaoiseach as tráchtas réalteolaíochta, cuid de ina athleagan agus cuid de ina aistriúchán ar leagan Laidine de thráchtas Arabaise ó Masha'allah, réalteolaí Giúdach as Cathair Alastair, a mhair c.800 AD. Meastar gur sa cheathrú haois déag a scríobhadh an leagan Gaeilge:

Da claechlod na firmaminte... (Power: 4)

As arrdamhaint deimin domeallta... (Power: 20)

an t-uisci bis a talmain serb an a m-bi clocha sulfuir no ailimi no an t-inadh a m-bi mianach prais... (Power: 40)

Ba iad na hAngla-Normannaigh agus an Meán-Bhéarla ba mhó tionchar ar an téarmaíocht idir 1300 agus 1700. Bhain bunús na nuathéarmaíochta sin le réimsí an dlí agus an riaracháin, na hailtireachta agus na tógála, mar aon le bia, faisean agus cúrsaí míleata (McManus: 439-40).

2.2 CAILLEADH FEARANN

Mar gheall ar an gcoilíniú, tháinig Gaeilge na scoláireachta agus na filíochta faoi bhrú sa seachtú agus san ochtú haois déag, go háirithe tar éis 1691 nuair a fágadh pobal na Gaeilge gan cheannairí. Ón am sin ar aghaidh ní raibh bonn faoi fheidhm phoiblí na teanga agus fágadh ag an gcosmhuintir í. Ba é an Béarla teanga na gcathracha, teanga an riaracháin, teanga na tráchtála agus teanga lucht seilbhe na talún (FitzGerald: 14). Chúngaigh réimsí na Gaeilge agus fiú murar cailleadh téarmaí ar scála mór, ní raibh téarmaí nua á gcumadh sna hardréimeanna teanga a bhain le riarachán, tráchtáil agus léann. Ní raibh fágtha ach corr-réimse ina raibh téarmaíocht shofaisticiúil ar fáil agus in úsáid laethúil: talmhaíocht agus cúrsaí iascaireachta agus cladaigh, creideamh agus sláinte (Ó hÓgáin: 17). Tháinig athruithe uile an nua-aoiseachais—an Réabhlóid Thionsclaíoch, mar shampla—gan aon bhaint ag an nGaeilge leo agus gan téarmaí nua ag freagairt dóibh. Tugann údair fhánacha léargais fhiúntacha ar an saibhreas teanga a bhí á saothrú fós sna gnáthréimsí saoil, tráchtairí ar nós Amhlaoibh Uí Shúilleabháin. Tugtar dhá shliocht an-ghearra anseo as a dhialann siúd (1973: 23, 33), a léiríonn saibhreas agus réimse na téarmaíochta a bhí fós ag cainteoirí maithe *in vivo*:

31ú Nollaig 1827: Is iomdha focal sa nGaeilge chum titim uisce do rá, mar atá drúcht, ceobhrán nó ceobhraon, mionfhearthainn, meánfhearthainn, mórfhearthainn, báisteach, clagairneach .i. an fhearthainn is troime. Deirtear doineann le haimsir fhliuch, agus doirteadh dileanna le aimsir rófhliuch thabharfadh tuile nó díle chugainn....

Agus:

16ú Aibreán 1828: Is iomdha ní bhaineann le treabhadh, mar atá, céachta agus a chodanna .i. soc, coltar, cóistéad (slabhra gearr), hanla dhá chuing bheaga agus cuing mhór, fear treabhaidh agus dhá chapall, agus an gléas, mar atá ceanrach nó coiléar, súgán, ama, slabhraí agus gad dromáin le gach each.

Thit líon lucht labhartha na Gaeilge go tubaisteach i rith an naoú haois déag, ó bhreis is leath an phobail go dtí mionlach beag. Idir 1831, nuair a bunaíodh córas na scoileanna náisiúnta, agus 1922 (1904 i gceantair Ghaeltachta), is trí mheán an Bhéarla a bhí an bunoidéachas uile cé gurbh fhéidir staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge mar ábhar breise ó 1878. Mar theanga scríofa agus mar fhriotal tráchtairéachta ar chúrsaí an tsaoil go háirithe, bhí an dé imithe as an nGaeilge mar theanga bheo lánacmhainneach. Bhí an bonn litearthachta a bhí fúithi thar a bheith cúng freisin.

3. GLUAISEACHT NA HATHBHEOCHANA AGUS AN TÉARMAÍOCHT

Tháinig an easpa téarmaíochta chun cinn mar cheist bheo le teacht na hathbheochana i ndeireadh an naoú haois déag. Bhí scoláirí roimhe sin a chuir suim sa teanga féin ar ndóigh, díreach mar a chuir a gcomhghleacaithe suim sa stair, sa tseandálaíocht agus i mbailiú an cheoil. Clár caomhnaithe a bhí acusan uile, a bhí beag beann go hiomlán ar aon fhealsúnacht athbheochana.

I gcaitheamh na 1880í, ámh, le bunú chlár na hathbheochana agus le tús na hiriseoireachta go háirithe, níorbh fhéidir tabhairt faoi shaothrú na Gaeilge i réimsí nua saoil gan dul i ngleic le ceist na téarmaíochta. Is sa ré seo a tionscnaíodh an ionramháil sheachtrach, an turgnamh *in vitro*. Léiríonn na tréimhseacháin tosaigh, *Irisleabhar na Gaedhilge* agus *Fáinne an Lae* go háirithe, gur cheist bheo é. Pléadh iontais nua an tsaoil sa chéad alt sa chéad eagrán den *Irisleabhar*: “Déantar iomhaighe do dhealbhadh le gaethibh na gréine a sméide súl, agus soillsighthear bailte móra le solus electreach” (Pléimion: 1). As sin go ceann roinnt blianta foilsíodh dhá chineál ábhair a bhain go dlúth le téarmaíocht na Gaeilge: liostaí focal dúchais a bhain le sainréimsí ar nós an dúlra go príomha, agus liostaí de nuathearmaí a d’oir don Ghaeilge i saol nua comhaimseartha.

Foilsíodh liostaí beaga téarmaí mar chnuasaigh dhúchais ó cheantair Ghaeltachta, leithéidí ‘Bearlagar na saor’ agus ‘Names of Birds and Plants’ le Domhnall Ua Luingsigh (Ua Luingsigh 1899a agus 1899b). Maidir le friotal don ré nua, foilsíodh roinnt mhaith liostaí, ina measc ‘Irish technical terms for use at meetings’ (Údar anaithnid), agus liosta téarmaí faoin teideal ‘Aibhléis’ (Ó Maoláin) inar ainmníodh ‘macallán’ agus ‘macallóg’ (*phonograph* agus *gramophone*), ‘guthán dá-sgéal’ (*duplex telephone*) agus ‘múnladh le haibhléis’ (*electro-typing*).

Bhí cuid mhaith tagairtí do cheist na téarmaíochta i measc na n-ábhar eile díospóireachta a bhain le scríobh na Gaeilge—litriú agus canúintí, mar shampla—agus mar léiriú amháin air seo tá alt Eoin Mhic Néill san *Irisleabhar* i 1908: “Hence has arisen the pursuit of *téarmaidheacht*. As an amusement *téarmaidheacht* is quite on a par with writing limericks. Everyone who has reached a certain stage of interest in the language takes a hand at it” (: 17). Bhí an téarmaíocht go mór faoi chaibidil sna nuachtáin athbheochana ar nós *Fáinne an Lae* agus *An Claidheamh Soluis* ina dhiaidh sin mar a mbíodh nuachumadóireacht agus leaganacha bunaithe ar fhocail dúchais á gcur sa timpeall. Tá mionphlé in Nic Pháidín (: 102-7) ar an gcur chuige a bhí acu in *Fáinne an Lae*, mar shampla: ‘toilidheacht’ / ‘guthaidheacht’ do ‘vótáil’; ‘ardscoil’ do ‘ollscóil’; ‘obadh saothair’ do ‘stailc’; ‘feadán cainte’ do ‘teileafón’; ‘trucaílí tintreach’: do ‘tramanna’; agus ‘leictiúr’ do ‘léacht’.

Léiríonn na sleachta a foilsíodh agus an comhfhreagras idir na páirtithe a bhí i gceist gur ghlac iriseoirí agus eagarthóirí na linne go han-dáiríre le cúram forbartha na teanga scríofa do na glúine a bhí le teacht. Scríobh Peadar Ó Maicín san iris *Sinn Féin* ar 24 Meitheamh 1911:

...and if Irish is ever going to have its vocabulary enriched and extended it is by means of newspapers it will be brought about, not by such institutions as Coiste na dTéarmaí, not by piling up dictionaries full of words that will never be used. (luaite in Nic Pháidín: 103)

Tuigeadh ó thús go raibh contúirt faoi leith ag baint le saothú *in vitro* na téarmaíochta, is é sin, nach nglacfadh an pobal léi agus nach n-úsáidfí í. In *Fáinne an Lae* i 1900, thug Donnchadh Pléimeann an chomhairle a leanas do scríbhneoirí: “aim at keeping a balance even between fossil Irish and slang Irish” (luaite ag Nic Pháidín: 105) Is leor breac-chuardach ar na focail ‘téarmaí’ agus ‘téarmaidheacht’ in innéacs Uí Chollatáin de *An Claidheamh Soluis* (2004) chun léargas a fháil ar réimse na n-alt agus na dtéarmaí téarmaíochta a rianaíodh sa nuachtán sin. Bhí tábhacht faoi leith le cnuasach luachmhar Liam S.

Gógan a foilsíodh go rialta idir 27 Bealtaine 1922 agus 27 Meán Fómhair 1924, faoin teideal ‘Foclóir Ard-Shaoirse’.

Bhíodh comórtais téarmaíochta á reáchtáil ag an Oireachtas freisin, agus foilsíodh roinnt bailiúchán téarmaí taca an ama chéanna. Tráchtann Ó Canainn (: 4) ar chuid de na liostaí a foilsíodh i dtaobh na ndéantús nua teicneolaíochta, tráth na hathbheochana. Leagadh an-bhéim ar úsáid nádúrtha na Gaeilge, caint na ndaoine, rud a raibh tionchar nach beag aige ar thionscal an aistriúcháin. De réir an Athar Peadar Ua Laoghaire: “*For a living language, the books and the speech of the people should go hand in hand. What is printed in the books should be the exact representation of what comes out of the people’s mouths*” (Ua Laoghaire: 86; a bhéim féin). Mar gheall ar a laghad a bhí fágtha de lucht labhartha na Gaeilge agus an débheascna a bhí i réim sa tír, ba chontúirt dháiríre é an greim a d’fhéadfadh an béarlachas a fháil ar an teanga (Cronin: 149).

4. AN TÉARMAÍOCHT FAOIN STÁT NUA (1922-2007)

4.1 ATHRÚ AR STÁDAS NA GAEILGE

Nuair a bunaíodh an Saorstát i 1922 agus athbheochan na Gaeilge mar aidhm aitheanta aige, tháinig méadú tobann ar líon na réimsí ina raibh úsáid le baint as an nGaeilge. Bhí gá léi i gcúrsaí riaracháin, oideachais agus dlí. Más ea féin, is ón gcóras oideachais ba mhó a tháinig an t-ugach d’fhorbairt na téarmaíochta as sin amach, agus an riachtanas dá réir í a shaothrú *in vitro*. Mar theanga stáit, bhain tábhacht nach beag le planáil chorpais don Ghaeilge, agus bhí na riachtanais a bhain le caighdeán litrithe, cló agus gramadaí mar aon le saothrú na foclóireachta agus na téarmaíochta cónasctha agus idirspleách uaidh sin amach. Ba loighciúil go mbeadh na gnéithe difriúla seo á bhforbairt i bpáirt le chéile ar bhonn straitéiseach leanúnach, ach faoi laincisé na haimsire, ní mar sin a tharla. Is mar ghníomhaíochtaí aonair, mar thionscadail aon uaire, faoi údaráis éagsúla a rinneadh an obair.

Ó bhunú an stáit agus mar riachtanas don chóras oideachais go háirithe, tuigeadh an gá a bhain le caighdeán a sholáthar don teanga scríofa. Cé gur tharraing sé díospóireacht fhíochmhar, cuireadh *Gramadach agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil* ar fáil faoi stiúir Rannóg an Aistriúcháin (1958) agus cuireadh an Caighdeán nua i bhfeidhm go héifeachtach le linn na 1960í. Sa tréimhse chéanna socraíodh ar an gcló Rómhánach a chleachtadh. Tháinig an caighdeánú i réim gan mhoill:

The [standardisation] policy adopted by the state drew more on a Gallic rather than an Anglo-Saxon model, but it did not necessarily have the historical leeway that would have allowed for the more organic emergence

of consensual norms. The promoters of a minority language that accedes to the status of an official or national language can find themselves using a degree of accelerated interventionism that is concealed by the more gradual and long-term changes in major languages. (Cronin: 155)

Gan dabht ba chóir an caighdeán scríofa a choinneáil faoi bhreithniú leanúnach ó shin, agus luaigh cuid mhór scoláirí, Ó Ruairc (2007) agus Williams (2002) mar shampla, an easpa athnuachana sa réimse sin le leathchéad bliain. Ba í an easpa comhordaithe idir údaráis éagsúla an bhunfhadhb—mar shampla, tá foclóir Uí Dhónaill ar an bhfód le tríocha bliain anois agus míréir áirithe idir é agus an Caighdeán Oifigiúil i gcónaí. Maidir le foclóireacht dhátheangach san fhichiú haois, rinneadh soláthar measartha maith don réimse Béarla-Gaeilge le foilsiú fhoclóirí Mhic Chionnaith (1935) agus de Bhaldrathe (1959), agus don réimse Gaeilge-Béarla le foilsiú fhoclóirí Uí Dhuinnín (1927) agus Uí Dhónaill (1978a). Maidir leis an bpleanáil chorpais ina hiomláine, is í an fhoclóireacht (go dtí 1978) ba rathúla, agus saothair curtha ar fáil atá inchurtha le caighdeáin idirnáisiúnta a linne féin.

Agus an fhoclóireacht á saothrú i lár na haoise seo caite, ba rílér an dlúthnasc idir an obair sin agus cothú na téarmaíochta. Is iad na heasnaimh sa nuathéarmaíocht is mó a tharraingíonn aird ar na srianta a bhaineann le foclóirí dátheangacha áirithe, agus a thugann gátar a nuashonraithe chun solais. Is léir don dall na heasnaimh san fhocalstór a thagann chun cinn in aon ghlúin amháin. Tá léiriú beacht ar an dúshlán seo, agus ar idé-eolaíocht an chláir oibre *in vitro*, sa réamhrá a chuir de Bhaldrathe lena fhoclóir féin (1959: v):

But with the inception of the movement for the preservation of the Irish Language, and more particularly with the founding of the State, the need for the extension of the vocabulary became more urgent, in order to meet the new demands made on the language, in fields in which it had been formerly neglected.

... The ways in which these demands have been met, during a period of abnormal development of the language, have created certain problems for the lexicographer. A new word has sometimes been coined where an equivalent (here placed in brackets) was already well established in traditional speech, e.g., *ciabhdhealg*, hairpin (*biorán gruaige*); *tuilmeá*, spring balance (*ainsiléad*); *forionar*, pullover (*geansaí*); *seilbhscríbhinn*, lease (*léas*); *gnáthcheannaitheoir*, customer (*custaiméir*). Such unnecessary coinings have not been included here. On the other hand, new words which have gained wide currency and for which there are no equivalents in the traditional speech are of course accepted.

Modern technical terms have been coined by different authorities and individuals, with the result that, in some fields there existed a superabundance of conflicting terms. An attempt has been made here to

choose, with the advice of specialists in each particular field, one Irish equivalent for an English term. Traditional names of plants and animals, which vary from district to district in form and application, have been dealt with here in the same manner.

Díol suime is ea é gur thiomnaigh sé breis agus leath an réamhrá ghearr do cheist seo na téarmaíochta. Is léir freisin go ndearna sé mionchíoradh ar an nGaeilge a saothraíodh sna leabhair faoin stát nua. Tá fonóta tábhachtach aige (1959: v) á léiriú sin:

For example, the prefix hydro was variously Gaelicized as follows (all examples are from text-books or examination papers): *hydro-*, *híd-ro-*, *hidro-* *hudro-*, *íor-*, *íodhro-*, *-udar*, *údró-*, *udró-*, *udra-*, *uidr-*. Apart from these, use was made of native prefixes, e.g., *dobhar-*, *bual-*, *uisce-*, *fliuch-*, *leacht-*. 'Telescope' was variously rendered: *cianarcán*, *cianamharcán*, *ciannarcán*, *ciandarcán*, *ciandearcán*, *cianradharcán*, *ciandracán*, *fadradharcán*, *fadamhrcán*, *faidearcán*, *radharcghloine*, *súilghloine*, *súil-fhiodán*, *gloine fadradhairc*, *gloine fhéachaint*, *telescóp*, *tealoscóp*, *teileascóip*.

Bhí tábhacht ar leith le foilsiú fhoclóir de Bhaldraithe i gcomhthéacs na téarmaíochta. Bhí an foclóir bunaithe ar fhoclóir Béarla-Fraincise Harrap, agus é mar aidhm aige leaganacha Gaeilge a sholáthar d'fhocail agus de théarmaí Béarla a bhí in úsáid choitianta. D'fhéadfaí bheith ag súil, más ea, go mbeadh an foclóir ina áis thábhachtach don nuathéarmaíocht, agus go deimhin bhí, fad a bhain le riachtanais téarmaíochta i ngnáthchaint Bhéarla na 1950í. Níl aon amhras ach gur fhreastail sé ar na riachtanais sin i gcaitheamh gnáth-shaolré foclóra dá shórt, timpeall cúig bliana déag. Ní lena chúram siúd a bhain sé léiriú a thabhairt ar théarmaíocht thraidisiúnta na Gaeilge mar fhocalstór ann féin, mar a mhíníonn Mac Lochlainn:

i ndeireadh an tsaoil is é aidhm an EID ná staid reatha an Bhéarla i gcaogaidí na haoise seo a chuaigh thart a léiriú agus leaganacha Gaeilge a sholáthar ag freagairt do na leaganacha Béarla sin. (: 36)

Sampla annamh den phleanáil straitéiseach maidir le corpas na Gaeilge ba ea Foclóir Uí Dhónaill a tionscnaíodh láithreach ina dhiaidh sin agus a foilsíodh ar deireadh i 1978.³ Chuir Ó Dónaill roimhe "an chuid is coitianta de stór focal na Nua-Ghaeilge a thabhairt le chéile agus a mhíniú i mBéarla" (Ó Dónaill 1977a: vii). Ach ba léir go raibh an tuiscint ann, fiú ag an am sin, nach raibh an téarmaíocht á foilsiú don phobal ar bhealach sásúil de réir riachtanais na haimsire sin. Ar mhaithe le práinn na huaire beartaíodh ar an mbearna sin a líonadh san fhoclóir ginearálta: "Cuireadh isteach ... a lán téarmaí teicniúla nua-aoiseacha nach mbeadh súil leo i ngnáthfhoclóir, toisc nach bhfuil foclóir mór

³ Tá an dáta 1977 luaithe san fhoclóir seo. Foilsíodh ar dtús é i Meitheamh 1978.

téarmaíochta curtha le chéile fós sa teanga” (1978a: xvii). I dtuairisc neamhfhoilsithe ar a thréimhse mar eagarthóir, tráchtann Ó Dónaill ar phleanáil scóip an fhoclóra:

Leathnaíodh scóip an fhoclóra sa scéim sin gur chlúdaigh sé an méid seo a leanas:-

Focail a bhí i ngnáthúsáid i gcaint na ndaoine, an chiall choitianta a bhí leo, cora cainte a bhí ag gabháil leo; focail a bhí coitianta i scríbhinní próis ó c. 1650, focail a chasfaí ar mhic léinn meánscoile i dtéacsanna próis nó filíochta; téarmaí teicniúla a bhí coitianta nó a theastaigh le hábhair scoile a mhúineadh; téarmaí oifigiúla a bhain le cúrsaí dlí, etc.

In imeacht na mblianta d’fhás an foclóir amach as cúngach na scéime sin ar fad. Chuireamar isteach an méid d’fhocail na Nua-Ghaeilge a raibh deimhniú le fáil againn ar a n-úsáid agus ar a mbrí, focail as an tseanlitríocht nach n-úsáidtear go coitianta anois ach a mbeadh a mbrí ag teastáil ó lucht léite na litríochta sin i gcoitinne; an ilomad de théarmaí teicniúla nua-aoiseacha a raibh socrú cinnte déanta orthu ag coistí údarásacha téarmaíochta. (1978b: 2)

Is léir réimse an tsoláthair sin ar leathanach na nod i dtús an fhoclóra, agus tá freastal réasúnta sásúil déanta ann ar riachtanais na téarmaíochta sna hábhair léinn ar chlár na scoileanna, mar a bhí i gceist an t-am sin, tríocha bliain ó shin. Foinse thábhachtach atá san fhoclóir seo, mar sin féin, don téarmaíocht thraidisiúnta, go háirithe an méid a bhain le cúrsaí dúlra agus ceirdeanna traidisiúnta áirithe.

Cé gur aithin cách a riachtanaí a bhí sainfhoclóir téarmaíochta, níor tugadh faoi. In ainneoin flosc chun téarmaí a chumadh sa cheathrú dheiridh den fhichiú haois, is i bhfoirm foclóirí agus liostaí aonair iomadúla a cuireadh faoi bhráid an phobail iad. Tionscadail bheaga sholáimhsithe ba ea iad seo ceann ar cheann, agus cé gur chuir siad le corpas na Gaeilge, bhí an phleanáil straitéiseach in easnamh go follasach.

Is é an t-easnamh aonair is mó, áfach, agus bearna phráinneach a bhí ríshoiléir i bhfad roimh dheireadh na haoise, ná an géarghá le foclóir nua Béarla-Gaeilge. Níor foilsíodh aon leagan nua d’fhoclóir de Bhaldráithe, cé gur cuireadh aguisín de cheartúcháin leis i 1978 chomh maith le ‘téarmaí agus leaganacha coitianta teicniúla nó ceirdiúla Béarla nach bhfuil in FBG agus a measadh a theastódh ón ngnáthdhuine’ (: 867). D’fhág caitheamh na mblianta an bunfhoclóir seo srianta agus easnamhach mar ghnáthuirilis oibre ag saol agus ag pobal nua (Nic Pháidín *et al.*: 1). Tá na hathruithe sa nuathéarmaíocht go hard ina measc:

Ceileann de Bhaldráithe forbairt iomlán na Gaeilge féin ó lár na haoise seo, agus tá gné an Bhéarla chomhaimseartha ann easnamhach ó bhonn faoin tráth seo. Roghnaíodh na focail/nathanna seo ó leathanach 1 den *Irish Times*

14.9.98, agus ní cabhair ar bith é de Bhaldraithe le ceann ar bith díobh. Ní téarma, sa chiall chúng, aon cheann díobh: a crisis meeting; redundancies; low-tech operations; (shirt-sewing) facility; graphic description of sexual encounters; sexual relations; railroaded (into something); (to be) in denial; fallout (from defeat); electronic lynching; go with the flow. Bíonn ar gach foclóir freastal éigin a dhéanamh ar bhéarlair comhaimseartha, mar a rinne de Bhaldraithe i gcás an Bhéarla iarchogaidh, ach ní mór athnuachan a dhéanamh air gach cúig bliana déag ar a laghad.

Agus ansin, an phríomhcheist:

Cén cineál foclóra?

Moltar foclóir nua cuimsitheach comhaimseartha Béarla-Gaeilge a thiomsú, a mbeadh an téarmaíocht chomhaimseartha san áireamh ann. Bheadh na téarmaí líonmhar, ach ní hiad ba mhó a ghlacfaidh spás san fhoclóir. Ba leor de shainmhíniú ar an gcuid is mó díobh an téarma Béarla a bheadh ag freagairt dóibh. Is iad is fusa a dhréachtadh chomh maith, sa mhéid go bhfuil a bhformhór deimhnithe cheana.

Ba léir fiú an t-am sin go raibh géarghá le foclóir nua. Seans maith gur treisíodh leis an bhfaillí le blianta roimhe san fhoclóireacht dhátheangach ar aon chúis shimplí amháin—go raibh suim de Bhaldraithe agus na hacmhainní stáit a bhí ar fáil don fhoclóireacht dírithe i dtreo tionscadail eile, an foclóir stairiúil faoi chúram Acadamh Ríoga na hÉireann. Bunaíodh an tionscadal sin i 1976 agus tá sé fós idir lámha. Is é príomh-aschur an tionscadail go dtí seo *Corpas na Gaeilge 1600-1882* a cuireadh ar fáil ar CD-ROM i 2004.

Neamhspleách air sin, agus mar thionscadal eile ar fad, thug Institiúid Teangeolaíochta Éireann, fad ab ann di, faoi chorpas don teanga chomhaimseartha, *Corpas Náisiúnta na Gaeilge* (2003). Tá an corpas seo mar bhunús agus mar phríomhfhoinsé do nuathionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge a thionscain Foras na Gaeilge in 2002. Corpas bunaithe ar fhoinsí irisí, nuachtán agus téacsleabhar atá ann go príomha. Beartaíodh ar chúis éigin gur beag ar fad den litríocht chomhaimseartha ag údair Ghaeltachta a chuimseofaí ann. Tá an corpas mar a sheasann sé luachmhar chun téarmaí a fheiceáil i gcomhthéacs agus do spriocanna eile a bhaineann le hanailís ar theanga shaothraithe na hathbheochana. Teanga í seo a saothraíodh *in vitro* den chuid is mó ar mhaithe le spriocanna idé-eolaíochta athréimnithe teanga. Baineann an mhórchuid ar fad di le cumadóireacht fheidhmeach don oideachas agus do na meáin, ag scríbhneoirí nach raibh an teanga ó dhúchas acu. Ach is é íoróin an scéil é nach bhfuil an bunábhar is saibhre den Ghaeilge dhúchais lenár linn, fianaise ar theanga labhartha agus scríofa *in vivo*, ar fáil ag an bpobal i gcorpas ar bith. Gan aon chomhordú follasach idir an dá thionscadal corpais seo, níl teacht ag

an bpobal faoi láthair ar fhormhór an ábhair ón nGaeltacht a foilsíodh san fhichiú haois.

Anois agus foclóir nua Béarla-Gaeilge ar na bacáin, is léir go bhfuil fás ollmhór ar an nuathéarmaíocht sa tréimhse leathchéad bliain ó foilsíodh foclóir de Bhaldráithe. Tuigeadh go soiléir le linn chéim a haon den tionscadal nua (2004-5) nach n-oirfeadh réiteach Uí Dhónaill an turas seo, is é sin, nár leor an foclóir a bhreacadh le téarmaí áirithe. Gnáthfhoclóir a bheidh san fhoclóir nua, aon imleabhar amháin a bheidh teoranta do 50,000 ceannfhocal agus ina mbeidh pé sciar den nuathéarmaíocht a bhaineann le gnáthchúrsaí an tsaoil agus a bheadh i ngnáth-fhocalstór an ghnáthchainteora. Is scéal eile ar fad, áfach, réimse na téarmaíochta agus na modhanna oibre a oireann d'fhoilsiú na téarmaíochta, is é sin an cnuasach de 270,000 téarma agus breis atá cruthaithe go dtí seo agus atá ag fás de shíor.

Beidh caidreamh na sruthanna gníomhaíochta seo lena chéile, foclóireacht agus téarmaíocht, thar a bheith tábhachtach sa phleanáil chorpais feasta, mar sin. Má dhéantar faillí i gceann acu sa soláthar poiblí, tagann an ceann eile faoi bhrú. Má bhí foclóirí ag iompar ualach na téarmaíochta tráth, is a mhalairt atá fíor faoi láthair agus na sluaite ag cuardach gnáthfhocal ar láithreáin ar nós focal.ie de cheal foclóra Béarla-Gaeilge. Ní mór a aithint, áfach, go dtí an lá inniu féin nach bhfuil aon straitéis ann do phleanáil chorpais na Gaeilge. Fágadh cúram an Chaighdeáin ar Rannóg an Aistriúcháin agus cúram na foclóireachta agus na téarmaíochta ar Fhoras na Gaeilge. Tá gá le comhordú idir na réimsí seo. Teastaíonn trasphleanáil agus straitéis forbartha do chorpais na Gaeilge, agus pleanáil chomhtháite d'acmhainní cló agus acmhainní leictreonacha ag comhlánú a chéile. De réir na dtuiscintí a bhí i réim tráth bhunú an stáit, rinneadh iarrachtaí leathréasúnta ar sholáthar éigin a dhéanamh do na riachtanais ba mhó. Ó foilsíodh Foclóir Uí Dhónaill (1978), ámh, agus i gcomhthéacs na dtuiscintí comhaimseartha ar phleanáil chorpais do theangacha ar comhstádas náisiúnta agus idirnáisiúnta leis an nGaeilge, is mithid aghaidh a thabhairt ar phríomhriachtanas na straitéise.

4.2 SAOTHRÚ NA TÉARMAÍOCHTA FÉIN (1922 - 2007)

Ba iad na príomhréimsí inar saothraíodh an Ghaeilge theicniúil ó bunaíodh an stát ná: dlí agus riarachán; foilsitheoireacht agus aistriúchán; na meáin chumarsáide agus an córas oideachais. Féachtar anseo thíos ar na réimsí a bhí i gceist, na forais a thionscain téarmaí nua agus an saothrú a rinne siad i leathnú na téarmaíochta

Gaeilge. Léiríonn tosaíocht na réimsí seo thar ghnáthréimsí an tsaoil—cúrsaí tráchtála, sláinte agus tionscail, cuir i gcás—go raibh meáchan as cuimse ag an bpróiseas *in vitro* sa ghnó ar fad.

4.2.1 DLÍ AGUS RIARACHÁN

Bunaíodh Rannóg an Aistriúcháin i 1922, rannóg de chuid Thithe an Oireachtais atá freagrach as aistriúchán oifigiúil go Gaeilge (nó, go hannamh, go Béarla) a dhéanamh ar achtanna agus ar cháipéisí dlíthiúla ar nós ionstraimí reachtúla. Cuireann siad seirbhís teangaireachta ar fáil chomh maith don Dáil, don Seanad agus don Chomhchoiste don Ghaeilge. Mar a deir siad féin go glan soiléir, “is é an chéad rud atá le rá faoi Rannóg an Aistriúcháin ná nach seirbhís don phobal atá ann” (Ó Casaide: 45). Mar gheall ar an sórt oibre atá ar siúl, is réimse an-chúng téarmaíochta a bhíonn á shaothrú ag an Rannóg, agus tá sé de cheangal orthu cloí leis an téarmaíocht atá ceaptha cheana féin le go mbeadh comhréireacht ann. Ní thugann siad faoi aistriú an bhéarla gearr agus cloíonn siad tríd is tríd le leaganacha an Choiste Téarmaíochta sna réimsí cainte ginearálta a bhíonn ag teastáil do chlár Oibre na Dála agus an tSeanaid:

De ghnáth, bíonn an obair aistriúcháin sin le déanamh taobh istigh d’achar gairid. Má tá an t-am ann chun dul i dteangmháil leis an gCoiste Téarmaíochta sa Roinn Oideachais déanaimid sin. Ó tharla go mbíonn an oifig s’againne oscailte go déanach san oíche chun freastal ar Thithe an Oireachtais nuair a shuíonn siad déanach ní féidir, uaireanta, teagmháil a dhéanamh leis an gCoiste. Dá bhrí sin tá feidhm ceaptha téarmaíochta ag an Rannóg i gcónaí. Ach, tríd is tríd, úsáidtear na foclóirí go léir atá foilsithe ag an nGúm. (Ó Casaide: 47)

Tá corpas mór saintéarmaíochta cruthaithe ag an Rannóg faoin am seo. Dlí atá i gceist den chuid is mó, mar aon le hábhair eile a chuimsítear faoin reachtaíocht. Tá tuairim is 80,000 mír eolais inchuardaigh sa chorpas seo, abairtí agus téarmaí go príomha. Sa bhliain 2004 cuireadh Achtanna uile an Stáit ar fáil ar an idirlíon, idir Bhéarla agus Gaeilge (ag www.achtanna.ie). Is áis antábhachtach é seo don aistritheoir. Le fíordhéanaí (2006), cuireadh corpas sonraí Rannóg an Aistriúcháin ar fáil mar acmhainn bhreise ar www.focal.ie agus chruthaigh Fiontar córas do Rannóg an Aistriúcháin chun an t-ábhar seo a nuashonrú go rialta. Baineann aistritheoirí gairmiúla an-leas as an gcnuasach seo. I measc fhoinsí eile na dtéarmaí dlí, tá an liosta *Téarmaí Dlí*, a foilsíodh i 1958 agus a bhfuil timpeall 3,000 iontráil ann, agus *Focal sa Chúirt* le Leachlainn Ó Catháin (2001), ina bhfuil na téarmaí céanna sin chomh maith le timpeall 7,000 iontráil eile.

Nuair a chuaigh Poblacht na hÉireann isteach sa Chomhphobal Eorpach i 1973, socraíodh gur teanga chonartha amháin seachas teanga oibre a bheadh sa Ghaeilge. Más ea féin, bhí cáipéisí áirithe le haistriú agus gá dá réir le téarmaíocht chuí. Chuige sin, tá obair aistriúcháin ar siúl sa Bhruiséil ó shin i leith, agus tá méadú mór tagtha ar an obair sin ó bhain an teanga stádas oifigiúil mar theanga oibre amach in 2007. Murab ionann agus teangacha oifigiúla eile, bhain an Ghaeilge an stádas sin amach gan na príomhcháipéisí, an *Acquis Communautaire*, a bheith aistrithe faoi chúram an Stáit, cé go raibh líon beag doiciméad ar nós na gConarthaí Tionscanta aistrithe go Gaeilge ag seirbhísí aistriúcháin an Aontais Eorpaigh. Dá thoradh sin, tá móreasnamh ar líon na dtéarmaí Gaeilge (13,427) i mbunachar téarmaíochta an AE, IATE. Seoladh an bunachar seo go poiblí i Meitheamh 2007 agus 8.7 milliún téarma ann, ó 2,859 i Maltais go 1.5 milliún i mBéarla (<http://iate.europa.eu>). Tá socrúithe déanta anois le Fiontar, DCU, líon na dtéarmaí Gaeilge sa bhunachar seo a mhéadú go leanúnach.

4.2.2 FOILSITHEOIREACHT AGUS AISTRIÚCHÁN

Tháinig an Gúm ar an bhfód i 1926 mar fhoilsitheoir stáit agus é mar chuspóir aige leabhair i nGaeilge a fhoilsiú, téacsleabhair go príomha. Bhí an-bhéim á cur ag an am ar a thábhachtaí a bhí sé ábhar léitheoireachta a chur ar fáil sa teanga. B'aistriúcháin go leor de na foilseacháin seo agus scata mórchlasaicí Béarla ina measc. Go deimhin, i 1928 ritheadh comórtas aistriúcháin ar cuireadh 51 iarracht isteach air (Uí Laighléis: 136), agus faoi 1937 bhí 99 úrscéal aistrithe go Gaeilge (Cronin: 157). I mbeagnach gach cás, bhí gá le téarmaí nua Gaeilge do smaointe agus do choincheapa a bhí ag teacht thar tír isteach, nó le bealaí cliste le teacht timpeall ar an bhfadhb sa ghnáthchaint. Mar shampla, seo thíos aistriúchán Leon Uí Bhroin (1934) ar alt as *The War of the Worlds* (1898) le H.G. Wells. Tá líne faoi chuid de na téarmaí, ceann díobh a léiríonn an réimír udro- in úsáid ar hydro-, mar a luaigh de Bhaldraithe thuas (1959: v):

Tá sé roinnt bhliain ó shoin anois ó phléasg an stoirm orainn. Do réir mar dhruid Mars 'nár ngoire chuir Lavelle eolgaí an domhain seo tré chéile nuair a thug sé an tuairisg iongantach uaidh go raibh an-chuid gás lasta tar éis a bhriseadh amach ar an bpláinéad. Thárla sin i dtaca an mheán-oíche ar an 12adh lá agus nuair do tharraing Lavelle an speictiorgóp chuige do chonnaic sé go raibh meall mór de ghás lasta, udroighin is mó a bhí ann, ag gluaiseacht faoi luathas mire i dtreo an domhain seo. D'imigh an lasair theineadh seo as radharc timcheall ceathrú tar éis a dó dhéag. Sé an tsamhail a thug sé uirre puth ábhal-mhór teineadh do teilgeadh go teann is

go tobann ón bplainéid amach, ‘amhaill sgiúrdann gás lasta amach as gunna.’ (Ó Broin: 9)

Agus seo é an bunleagan:

The storm burst upon us six years ago now. As Mars approached opposition, Lavelle of Java set the wires of the astronomical exchange palpitating with the amazing intelligence of a huge outbreak of incandescent gas upon the planet. It had occurred towards midnight of the twelfth; and the spectroscope, to which he had at once resorted, indicated a mass of flaming gas, chiefly hydrogen, moving with an enormous velocity towards this earth. This jet of fire had become invisible about a quarter past twelve. He compared it to a colossal puff of flame suddenly and violently squirted out of the planet, ‘as flaming gases rushed out of a gun.’ (Wells: 6)

Corpas saibhir teanga is ea na haistriúcháin seo le cainteoirí dúchais. Is le blianta beaga anuas a thosaigh scoláirí ar shuim a léiriú ann mar chorpas oibre (Uí Laighléis 2003; Mac Corraidh 2004). Bhí an bhéim á cur ag an aistritheoir ar Ghaeilge nádúrtha a scríobh seachas téarmaí doiléire anaithnide a tharraingt isteach sa teanga. Tá a rian sin ar chur chuige Mhic Grianna na téarmaí a bhunú ar mhíreanna dúchais ar nós ‘comharsheilbh / communism’ agus ‘feolmhánach / cannibal’, mar a luann Mac Corraidh (: 16). Mórthionscadal saothraithe teanga *in vitro* a bhí san iarracht seo ar fad, ar ndóigh, mar ba bheag tóir a bhí ag an bpobal ar na téarmaí nua ná, go deimhin, ar na haistriúcháin féin.

Is léiriú eile ar an gcur chuige dúchasach seo é *Lorg an Bhéarla*, aiste Sheáin Mhic Mhaoláin (1957) ar chruinneas teanga:

d’fhéadfadh léitheoireacht dea-Ghaeilge bheith ina cuidiú mór le Gaeilge mhaith a chur á labhairt sna háiteanna a dtugtar ‘Galltacht’ anois orthu. Ar an ábhar sin, ba chóir, sílim, é a bheith de chuspóir ag scríbhneoirí – go háirithe ag scríbhneoirí ‘neamhdhúchasacha’ – bheith ar a síorfhaichill roimh an Bhéarlachas. (<http://www.acmhainn.ie/athchlo/lorganbhearla/>)

Ar ndóigh níl san aistriúchán liteartha ach cuid den scéal. Pléann O’Connell agus Walsh (2006) na hathruithe is déanaí ar thionscal an aistriúcháin sa Ghaeilge. Leagann siad béim ar thábhacht na téarmaíochta san obair seo, agus an gá atá ann, anois níos mó ná riamh, foinsí reatha a bheith ar fáil (: 27). Dar leo gur ar lucht scoile seachas aistritheoirí atá foclóirí agus liostaí téarmaí na Gaeilge dírithe. Cuireann siad béim ar an idirphlé idir lucht cumtha agus lucht úsáidte na téarmaíochta:

It [translation] can also act as a kind of terminological watchdog by assessing the appropriateness of new coinings which may not yet have entered common usage if translators offer feedback to standardising terminologists. This would require a system of consultation with the target audiences for translated materials, in order to assess how terms are received by users (: 35).

4.2.3 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Thar aon réimse eile, bíonn ar na meáin téarmaí a cheapadh in achar ama gearr ag freagairt do riachtanais na huaire. Tá méadú as cuimse ar earnáil na meán lenár linn féin; má bhí deichniúr iriseoirí gairmiúla Gaeilge ann ag tús na 1960í, agus ceithre scór nó mar sin i dtreo dheireadh na 1990í (Ó Gaora: 11), tá suas le trí chéad acu ann anois, idir na meáin chraolta agus scríofa. Is iad na hiriseoirí seo an dream is tábhachtaí ar fad i scaipeadh na téarmaíochta, agus go minic ina cumadh freisin.⁴ Sna meáin, thar aon áit eile, bíonn gá le téarmaí inghlactha intuigthe. Mar a deir iriseoir amháin, “níl muid ag iarraidh na léitheoirí a chur amú agus a bheith ag cur téarmaí os a gcomhair nach mbainfeadh siad meabhair ar bith astu” (Ní Chatháin: 23). Más ea, tá an meon ann nach bhfuil cuid den téarmaíocht oifigiúil fhoilsithe feiliúnach do riachtanais na meán mar gheall ar a chiotáí nó a mhíshoiléire atá sí.

Cruthaíonn iriseoirí a gcuid téarmaí féin agus, mar gheall ar an gceird atá acu, is beag am a bhíonn acu chun taighde: “féachtar leis an nuacht a shluaisteáil amach te, bruite, gan mórán aird ar chomhréir, nádúr, deilbhíocht, caighdeán ná gramadach” (Ó Gaora: 11). Seans nach gcuimhníonn siad i gcónaí ar a thábhachtaí atá siad mar lucht cruthaithe agus scaipthe téarmaí, óir i ndáiríre, is iad is mó tionchar ar na cúrsaí seo: “An nath nua a chloisfear ar an raidió agus ar an teilifís inniu, is é a bheas i ngnáthúsáid ag pobal na Gaeilge amárach. Is riachtanach mar sin go mbeadh an nath sin ceart agus ag teacht le ciall agus dúchas na teanga” (Ó Gaora: 13). Tá deis ar leith sna meáin téarmaí nua a chruthú agus a chur in úsáid ‘amuigh sa saol mór’, *in vivo* seachas in oifigí ciúine. Is mó i bhfad an seans go ngabhfadh a leithéid isteach sa ghnáthúsáid. Tá dhá dhúshlán a bhaineann leis an gcor seo: lucht úsáide a thabhairt ar aon ghuth agus na téarmaí a úsáidtear a bhailiú.

Ag an gcomhdháil as ar baineadh na samplaí thuas, luadh arís agus arís eile go raibh gá le seirbhís faoi leith do na meáin, nó bealach le beocheisteanna téarmaíochta a phlé. Mar a dúirt Eoghan Ó Néill (: 28), “is é an fhadhb atá ann ná tabhairt ar na hiriseoirí Gaeilge uilig glacadh le leagan amháin de théarma nua.” Bhain sé seo fiú le rudaí bunúsacha ar nós ainmneacha eagraíochtaí (Nic Eoin: 3). Cuid den dream a ghlac páirt, bhí siad ag iarraidh tuilleadh seirbhísí comhairleoireachta, nó rochtain leictreonach ar théarmaí; cuid eile, bhí dearcadh neamhspleách acu agus iad ag moladh fóram

⁴ Rinneadh plé ar na ceisteanna a bhaineann leis seo ag comhdháil a eagraíodh i 1996, as ar eascair an leabhar beag, *Ar Thóir an Fhocail Chruinn* (Nic Eoin & Mac Mathúna 1997), as ar tógadh go leor den ábhar plé seo. Tá go leor athruithe tarlaithe ó shin agus ba mhór ab fhiú a mhacasamhail de chomhdháil a reáchtáil arís.

nó coiste iriseoirí, áit a bhféadfaí teacht ar chomhréiteach maidir leis na téarmaí a d'úsáidfí. Is cinnte gur tuigeadh an difríocht idir téarmaíocht *in vitro* (an Coiste Téarmaíochta, go príomha) agus *in vivo* (na meáin), agus moladh gur chóir gaol a fhorbairt idir an Coiste agus na meáin le go mbeadh níos mó de bheocht sa téarmaíocht a d'fhoilseodh an Coiste, agus le go mbeadh caighdeán níos fearr, b'fhéidir, ag an téarmaíocht a bheadh in úsáid ag na meáin:

Níor mhór an gaol idir obair an Choiste Téarmaíochta agus lucht na meán a phlé má táthar le cinntiú nach mbeidh téarmaí á gceapadh ag an gCoiste nach rachaidh sa chúrsaíocht riamh i measc an phobail. An bhféadfadh lucht na meán ionchur níos gníomhaí a bheith acu in obair na dtéarmeolaithe – ionas go dtiocfadh cuid, ar a laghad, de na téarmaí, ón mbonn aníos seachas iad a bheith á mbrú ón mbarr anuas agus gan pobal na teanga a bheith sásta glacadh leo (Nic Eoin: 3).

Nuair a chuirtear cás iriseoirí na Gaeilge i gcomparáid le tíortha eile, tuigtear go bhfuil faillí á déanamh ina gcuid riachtanas. In Québec, mar shampla, cuireann an *Office québécois de la langue française* seirbhís ar a dtugtar Immédi@t ar fáil do na meáin amháin, le cuidiú leo le haon cheisteanna práinneacha teanga nó gramadaí.

Anois agus earnáil bhríomhar iriseoireachta againn i nGaeilge, agus í ag dul i ngleic le dúshlán na nuathéarmaíochta, níor chóir an deis a ligean le sruth. Níor mhiste tuilleadh comhoibrithe idir na meáin agus lucht faofa na téarmaíochta, agus dá mbeadh irisí, nuachtáin agus cláir theilifíse agus raidió ar fáil dóibh go leictreonach de réir mar a d'fhoilseofaí iad, d'fhéadfadh an Coiste Téarmaíochta uirlisí cuardaigh a úsáid le teacht ar shamplaí d'úsáid bheo na dtéarmaí nua. D'fhéadfaí a leithéid de théarmaí, agus an comhthéacs a bhaineann leo, a chur suas ar focal.ie go han-sciobtha, rud a thabharfadh údarás dóibh agus a laghdódh líon na gcomhchiallach a bheadh in iomaíocht le chéile. Is corpas luachmhar den téarmaíocht *in vivo* iad na meáin, agus is trua gan leas praiticiúil a bhaint as an bpróiseas nádúrtha sin agus tacú leis.

4.2.4 TÉARMAÍOCHT DON CHÓRAS OIDEACHAIS

Is faoin nGúm sa Roinn Oideachais a bhí cúram na foilsitheoireachta don oideachas, mar aon le cúram foclóireachta don Ghaeilge, ó 1926 i leith. Aistríodh an Gúm agus na cúraimí a bhí air isteach faoi stiúir Fhoras na Gaeilge i 1999.

Bhunaigh an Roinn Oideachais coiste téarmaíochta i 1927 le téarmaí a sholáthar don chóras oideachais. Mhair an coiste seo go tús an Dara Cogadh Domhanda, nuair a cuireadh stop leis de bharr deacrachtaí taistil. Idir sin agus 1968 cruthaíodh téarmaí ar bhonn

coistí *ad hoc*. Foilsíodh trí fhoclóir déag san iomlán idir 1928 agus 1959 (Ó hÓgáin 1983). Faoi lár na 1960í bhí réiteach níos buaine ag teastáil—bhí siollabas nua á thabhairt isteach do na hiarbhunscoileanna, agus ábhair nua staidéir i gceist leis. I 1968 d'fhógair an Gúm scéim le tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí foilsitheoireachta chun téacsanna Béarla a aistriú go Gaeilge agus bhí gá le téarmaíocht údarásach don obair seo freisin.

Bunaíodh struchtúr reatha an Choiste Téarmaíochta i 1968 le hobair chruthú na téarmaíochta a thabhairt chun cinn. Bíonn cruinnithe míosúla ag an gCoiste Stiúrtha, agus tugtar fochoistí speisialaithe le chéile freisin chun obair a dhéanamh ar réimsí faoi leith. Is obair dheonach a dhéanann baill na gcoistí seo uile seachas na rúnaithe féin. Ag cruinnithe an Choiste Stiúrtha déantar plé ar cheisteanna reatha agus socraítear téarmaí aonair ar bhonn *ad hoc*. Tá na cuntais is cuimsithí ar stair agus ar chur chuige an stáit i leith na téarmaíochta sa réamhrá in *Foclóir Fiontar* (Uí Bhraonáin, 2004) agus ag Ó hÓgáin (1983). Caitheadh blianta tosaigh an Choiste ag leagan amach prionsabal agus rialacha faoin soláthar téarmaí, ar nós rialacha ginearálta i gcás Gaelú téarmaí agus ainmneacha dílse, nó deilbhíocht na bhfocal Gaelaithe.

Ón am sin i leith tá foclóirí foilsithe ag an gCoiste Téarmaíochta sna réimsí seo a leanas: ainmneacha plandaí agus ainmhithe; téarmaí modúlacha; téarmaí don earnáil phoiblí; eacnamaíocht bhaile; talmhaíocht; fiseolaíocht agus sláinteachas; bia agus deoch; bitheolaíocht; ceirdeanna agus teicneolaíocht; ceol; déiríocht; eolaíocht; fealsúnacht; réalteolaíocht; staidéar ghnó; talmhaíocht; teileachumarsáid; gramadach na Sean-Ghaeilge; leabharlannaíocht; ríomhaireacht; teilifís agus raidió; tíreolaíocht agus pleanáil; feirmeoireacht; trealamh cistine; téarmaí parlaiminte; reiligiún; ríomhaireacht; miondíol; téarmaí litríochta, agus ainmneacha dílse an Nua-Thiomna.

Chomh maith leis sin tiomsaíodh liostaí téarmaí i réimsí éagsúla, nár foilsíodh i bhfoirm leabhair ach a cuireadh ar fáil mar liostaí agus ansin ar láithreáin idirlín ar nós acmhainn.ie agus focal.ie. Ina measc seo tá: tíortha, ciníocha agus teangacha; geolaíocht agus geoifisic; téarmaí glasa; litríocht agus critic; seandálaíocht; seoltóireacht; adhmaadóireacht; corpoideachas; líníocht theicniúil; matamaitic; miotalóireacht; téarmaí oifige; stair; staitistic; téarmaí teilifíse.

Is iad na hábhair scoile na réimsí is mó a bhfuil soláthar ann dóibh, mar a mheasfaí, agus is sna réimsí seo a leanas atá na liostaí is mó: ceirdeanna agus teicneolaíocht (11,896 iontráil), geolaíocht agus geoifisic (13,220), gnó (23,510), tíreolas, pleanáil agus

seandálaíocht (11,406), eolaíocht (17,209) agus ríomhaireacht (10,864). Rinne dreamanna seachtracha cnuasaigh eile, téarmaí reiligiúin (9,667) agus téarmaí parlaiminte (8,929). Chomh maith leis na liostaí seo ar ábhair faoi leith, tá liostaí ilghnéitheacha de na téarmaí a shocraítear ag cruinnithe den Choiste Stiúrtha á bhfoilsíú san iris *Comhar* ó am go chéile ó 2001 i leith.

Ní taifead ar théarmaíocht dhúchasach na Gaeilge atá sna liostaí seo den chuid is mó. I measc na liostaí a bhfuil ábhar dúchasach iontu, tá litríocht agus critic (3,812 iontráil); gramadach na SeanGhaeilge (347); fealsúnacht (2,214); ainmneacha dílse (650); ainmneacha plandaí agus ainmhithe (2,755); seoltóireacht (3,524).

Is í an fhadhb is mó a bhaineann le hobair théarmeolaíochta i dteanga ar bith a dheacra atá sé coinneáil suas le forbairtí nua. Mar gheall ar luas an dul chun cinn theicniúil agus luas na n-athruithe sa Bhéarla, teanga fhoinseach na dtéacsanna Gaeilge de ghnáth, is obair gan chríoch é an cumadh téarmaí. Is léiriú air seo an líon mór fiosruithe a fhaigheann agus a phléann an Coiste go míosúil. Cumtar an mhórchuid ar fad de théarmaíocht na Gaeilge ag freagairt d'éilimh fhánacha, seachas forbairt réimse ar réimse, fréamhaithe i sainriachtanais na n-ábhar ar leith. Is é seo an fáth a bhfuil scaipeadh na téarmaíochta barrthábhachtach: má phléitear agus má shocraítear téarma nua tráthúil, ní mór é a bheith ar fáil don saol mór ar an toirt. Go dtí le déanaí, bhíodh téarmaíocht á foilsíú i meascraí éagsúla agus gan a fhios ag dóthain daoine go raibh a leithéid ann.

Tá dhá bhuntáiste mhóra ag an ríomhaireacht i gcúrsaí téarmaíochta. Ó thaobh na heagarthóireachta de, is fusa i bhfad téarmaí a chuardach (de réir tréithe éagsúla; níltear ag brath ar liostaí aibítreacha ná ar shainfhoclóirí de réir téama). Is fusa freisin iad a athrú ar bhonn gramadaí nó coincheap, agus a choinneáil de réir a chéile. Cuirtear dlús leis an bpróiseas foilsitheoireachta chomh maith, agus níl aon tairseach ann faoin méid ábhair is féidir a stóráil. Ó thaobh na n-úsáideoirí de, tá na buntáistí móra céanna ann ó thaobh modhanna cuardaigh de.

Is go mall a iompaíodh ar an ríomhaireacht i gcás na Gaeilge, cé go raibh lucht saothraithe téarmeolaíochta i dtíortha eile ag úsáid bunachar sonraí ó na 1960í. Bhunaigh Bord Aistriúcháin Cheanada, mar shampla, tionscadal forbartha bunachar téarmaíochta in Ollscoil Montréal i 1969. Léiríonn taifid an Choiste Téarmaíochta in Éirinn gur luadh an ríomhaireacht i 1971 (Coiste Stiúrtha 23.11.71) agus go raibh plé nach beag ar cheist na ríomhaireachta sna 1980í agus sna 1990í. Glacadh le pacáiste bunachair sonraí (CDS/ISIS, forbartha ag UNESCO) i 1990 agus bhí sé i gceist banc téarmaí a chruthú (Breathnach 1993) de réir prionsabal idirnáisiúnta a bhí leagtha síos

ag INFOTERM. Faoin uair ar scoireadh den obair i lár na 1990í (déantar an tagairt deiridh don bhanc téarmaíochta seo sna miontuairiscí i 1993), bhí timpeall 15,000 iontráil cláraithe sa bhunachar. Ní léir go raibh rochtain ar an mbanc téarmaíochta seo taobh amuigh d'oifigí an Choiste féin.

Choimisiúnaigh Bord na Gaeilge plépháipéar (Nic Pháidín *et al* 1999) ar an bpleanáil chorpais don Ghaeilge. Bhí sé i gceist an tráth sin cúram na pleanála corpais ar fad—is é sin, foclóireacht agus téarmaíocht go príomha—a aistriú faoi scáth an eagrais, agus riar an Chaighdeáin le fanacht faoi Rannóg an Aistriúcháin. Rinne an mheitheal oibre go leor moltaí ina dtuairisc, agus cuireadh cuid acu i bhfeidhm de réir a chéile. I measc na moltaí seo bhí foclóir nua Béarla-Gaeilge, a luadh thuas, an tionscadal a fógraíodh in 2002.

Is léir ón bplé gur aithníodh mar riachtanas soiléir go ndéanfaí pleanáil chorpais don Ghaeilge, idir chló agus leictreonach, ar bhonn comhtháite. Moladh go mbunófaí Acadamh Teanga a bheadh freagrach as téarmaíocht, foclóireacht agus gramadach na Gaeilge mar atá ag tíortha eile mar an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Danmhairg. Cé gur cuireadh moltaí a bhí sa tuairisc i bhfeidhm ó shin—fógairt an fhoclóra nua, foilsíú leictreonach na téarmaíochta, freagracht as foclóireacht agus téarmeolaíocht na Gaeilge a leagan ar an eagraíocht nua-ainmnithe, Foras na Gaeilge—is trua nár coinníodh an clár straitéise ar bhonn aontaithe mar phríomhspríoc. Cé go raibh léargas agus tiomáint straitéiseach laistiar de na moltaí, cuireadh codanna den obair i gcrích uaireanta beag beann ar an mórstraitéis chuimsitheach.

Mar a luadh thuas, ba chuid den Roinn Oideachais é an Coiste Téarmaíochta go dtí 1999. Faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, cruthaíodh sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, agus an Foras Teanga ar cheann acu. Nuair a tháinig an tAcht i bhfeidhm i mí na Nollag 1999, bunaíodh Foras na Gaeilge mar ghéag na Gaeilge den Fhoras Teanga. Aistríodh feidhmeanna uile Bhord na Gaeilge, mar aon le hobair foilsitheoireachta an Ghúim agus saothar an Choiste Téarmaíochta, chuig an bhForas. Más ea féin, ba bheag tionchar a bhí ag an athrú struchtúrtha seo ar mhodhanna oibre an Choiste. Gan aon bhreis acmhainní curtha ar fáil don Choiste, d'fhan an fhoireann chéanna i mbun na hoibre sna hoifigí céanna leis na seanstruchtúir agus modhanna oibre i bhfeidhm.

I dtuairisc Fhidelma Ní Ghallchobhair, Rúnaí an Choiste Téarmaíochta, ar an téarmaíocht (1999), cuireadh béim ar an bhfadhb a bhain le líon fairsing foinsí téarmaíochta a bheith ar fáil: chomh maith leis an dá mhórfhoclóir dhátheangacha, bhí 21 foclóir

téarmaíochta ann, mar aon le liostaí neamhfhoilsithe, ábhar Rannóg an Aistriúcháin, ábhar Chomhairle na nAirí sa Bhruiséil, agus foilseacháin eile. Bhí grúpaí eile fós ann nár bhain leis an gCoiste Téarmaíochta ag cruthú a gcuid bailiúchán féin, bunachair sonraí agus foclóirí speisialaithe, An Garda Síochána mar shampla, agus An Roinn Chomhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Chomh maith leis sin bhí neamhréir idir na foinsí. Luann sí bearnaí sa téarmaíocht chomh maith, go háirithe i réimsí an spóirt agus na n-ealaíon. Bhí an soláthar don phobal thar a bheith scaipthe agus casta, agus ní fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh múinteoirí, iriseoirí ná aistritheoirí, fiú, ábalta an líon sin foinsí a cheadú agus iad i mbun a gcuid oibre. Mar a deir Liam Mac Mathúna (: 58):

Tá an scéal éirithe chomh gabhlánach sin um an dtaca seo nach aon áibhéil é a rá go gcaitear fiche éigin leabhar a cheadú sula mbeadh a fhios ag duine go cinnte cé acu a bhfuil nó nach bhfuil fáil ar leagan Gaeilge de fhrása éigin Béarla atá tagtha chun cinn ó foilsíodh *English-Irish Dictionary* Thomáis de Bhaldraithe (1959), cloch choirméil na hoibre.

Dhearbhaigh an tuairisc ar chúrsaí téarmaíochta gurbh é ba riachtanaí an téarmaíocht uile a thabhairt le chéile, go leictreonach ar dtús agus ansin i bhfoclóir cuimsitheach (Nic Pháidín *et al*: 5). Ar ndóigh, seo an rud céanna a bhí luaite ag Ó Dónaill i 1978 maidir le foinse amháin téarmaíochta a bheith ar fáil, ach go raibh sé i bhfad níos indéanta anois le teacht an Idirlín.

Agus reachtaíocht nua teanga ar na bacáin, tháinig an Foras faoi bhrú poiblí acmhainní a chur ar fáil d'earnáil aistriúcháin na Gaeilge, earnáil a bhí ag fás as cuimse. Bhí géarghá le hacmhainní leictreonacha don earnáil agus le córas creidiúnaithe d'aistritheoirí. I mí Feabhra 2002, fuair Antain Mac Lochlainn maoiniú ón bhForas le www.acmhainn.ie a fhorbairt mar thionscadal trí bliana. Chomh maith le hábhar eile a bhain leis an ngairm, bhí cuid mhór d'fhoclóirí agus de liostaí téarmaí an Choiste ar an suíomh, agus iad leagtha amach mar liostaí aonair. Faoi thús 2004 bhí 30,000 cuardach sa mhí á ndéanamh ar an suíomh www.acmhainn.ie. Ba léir go raibh géarghá le háis mar é, cé nach raibh iomlán an ábhair air agus go raibh na modhanna cuardaigh teoranta freisin. Rud tábhachtach eile a thiomsaigh [acmhainn.ie](http://www.acmhainn.ie) ná an Fóram, fóram ríomhphoist ar a ndéantar plé—plé teasaí, grinn, oilte, go minic—ar cheisteanna aistriúcháin agus ar mhionphointí téarmaíochta agus gramadaí. Is é an feall é nach bhfuil aon teacht ar chartlann de na comhráití seo. Léiriú eile atá iontu ar scil agus ar spéis lucht úsáide na téarmaíochta, scil agus spéis a bhféadfaí tairbhe mhaith a bhaint astu leis an uirlís idirghníomhach cheart.

Go luath in 2004, choimisiúnaigh Foras na Gaeilge Fiontar le hanailís straitéiseach a dhéanamh ar earnáil an aistriúcháin (Ní Ghréacháin *et al*) i gcomhthéacs na reachtaíochta nua (Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003). Shainigh an taighde sin, arís, comhordú acmhainní, téarmaíocht agus foclóirí a fhoilsiú go leictreonach, agus ríomhchlár litreora mar riachtanais phráinneacha sa teanga.

4.2.5 ACHOIMRE

Is léir ón bplé thuas go bhfuil ceithre réimse sa Ghaeilge ina bhfuil úsáid bhríomhar á baint as an téarmaíocht: dlí agus riarachán, foilsitheoireacht agus aistriúchán, na meáin chumarsáide, agus an córas oideachais. Mar sin féin, is beag soláthar atá á dhéanamh don réimse is tábhachtaí díobh sin ó thaobh úsáid agus scaipeadh na teanga—na meáin—agus tá na réimsí uile faoi bhac, a bheag nó a mhór, ag easpa uirlisí teanga. An áis a phléitear anseo thíos, is réiteach áirithe ar an bhfadhb sin í, má bhaintear lánearraíocht aisti mar acmhainn bheo idirghníomhach don bhainistíocht téarmaíochta.

5. www.focal.ie

5.1 AN TIONSCADAL

I samhradh 2003, agus Acht na dTeangacha Oifigiúla díreach faofa, chuir Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, moladh tionscantach faoi bhráid Fhoras na Gaeilge go n-iarrfaí maoiniú ón Aontas Eorpach chun bunachar náisiúnta téarmaíochta a chruthú don Ghaeilge. Chuaigh An Coiste Téarmaíochta agus Foras na Gaeilge i bpáirt le Fiontar i ndearadh agus i gcómhaoiniú an tionscadail, fuarthas maoiniú substaintiúil ón Aontas Eorpach agus cuireadh tús leis an tionscadal nua téarmaíochta. Is faoi INTERREG IIIA Éire/An Bhreatain Bheag as an gciste Cumarsáid Teicneolaíochta agus Iompair (Tosaíocht 1, Beart 4) a maoiníodh an tionscadal bunaidh. B'ionann an maoiniú ón Aontas Eorpach agus aitheantas ar thábhacht an tionscadail ar bhonn infreastruchtúr cumarsáide, an ghné ba laige go dtí sin i saothrú na téarmaíochta Gaeilge. Ba é príomhspríoc ghné na hÉireann den tionscadal ná méadú ar rochtain an ghnáthphobail ar acmhainní theicneolaíochta na faisnéise. Sa chás seo tharla gur acmhainní ardleibhéil i nGaeilge i bhí i gceist.

Is é an príomhthoradh a bhí ar an tionscadal in Éirinn ná www.focal.ie, bunachar comhtháite ar líne de nuathéarmaíocht na Gaeilge a bhfuil saor-rochtain ag an phobal air. Tá sé dírithe go háirithe ar riachtanais fiontar gnó agus cumarsáide, ar earnáil an oideachais, ar thionscal an aistriúcháin agus ar shainúsáideoirí eile. Bhain gné oiliúna ar acmhainní leictreonacha Gaeilge leis an tionscadal mar aon le nuashonrú agus forbairt ar an téarmaíocht

raidió agus teilifíse. Bhí idir ceathrar agus ochtar d'fhoireann ag obair ar focal.ie ó thús 2005 go dtí tús 2007. Chríochnaigh an tionscadal Eorpach i mí an Mhárta 2007 ach tá buíon bheag foirne fós faoi chonradh oibre maoinithe ag Foras na Gaeilge chun roinnt áiseanna breise a chur leis an suíomh, agus chun leanúint le heagrú na sonraí.

Tá rochtain phoiblí ar an mbunachar tríd an Idirlíon agus rochtain eagarthóireachta air trí chomhéadan príobháideach. Tá os cionn ceathrú milliúin (270,000)⁵ téarma Gaeilge agus Béarla sa bhunachar, as mórán réimsí saoil, ceann de na bunachair sonraí téarmaíochta is mó ar domhan. Ó thaobh na heagarthóireachta de, rinneadh 54 foclóir agus liosta téarmaí de chuid an Choiste Téarmaíochta a ionchur agus a sheiceáil.

5.2 ÚSÁID AN TSUÍMh: AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA TÉARMAÍ

Is áis don phobal go príomha é focal.ie. Ach ar leibhéal eile is áis luachmhar bainistíochta téarmaí é don Choiste Téarmaíochta. Ar an gcéad dul síos, is bealach é le téarmaí a phoibliú agus a chur sa chúrsaíocht go héasca, go saor, agus go tapa. Is féidir téarmaí nuachumtha a fhoilsiú chomh luath is a shocraítear iad, agus go deimhin roimhe sin—tá áis sa chóras le téarmaí a mharcáil mar théarmaí molta nó neamhfhaofa. Is bealach é focal.ie freisin le plé a chothú idir lucht cumtha agus lucht úsáide na téarmaíochta. Tá áis ar an suíomh le téarmaí nua a chur faoi bhráid an Choiste agus cuirtear fáilte roimh mholtaí. D'fhéadfaí breis plé a spreagadh freisin i dtaobh téarmaí nuamholta, mar a cruthaíodh cheana ar fhóram acmhainn.ie.

Áis bhainistíochta atá in focal.ie chomh maith. Den chéad uair riamh tá fáil ar théarmaí uile an Choiste in aon áit amháin, seachas iad a bheith scaipthe sna liostaí, foilseacháin agus bunachair éagsúla. Ach tugann sé seo ceisteanna agus fadhbanna nua chun solais. Tagann difríochtaí idir na foinsí éagsúla chun soiléire agus dá mhéad díobh seo a réitítear, is fearr agus is críochnúla córas téarmaí na teanga. Tá cóiriú eagarthóireachta breise idir lámha in 2007-8 a éascóidh úsáid an tsuímh agus a chuirfidh lena luach d'aistritheoirí agus lucht taighde. Tá imdhealú á dhéanamh idir bríonna má tá níos mó ná leagan amháin Gaeilge de théarma Béarla ar fáil. Scaití bíonn sé seo an-simplí; mar shampla, is féidir an téarma Béarla 'audience' a aistriú ar dhá bhealach (ar a laghad): 'lucht féachana' agus 'lucht éisteachta'. Is leor lipéad a chur leis an dá iontráil: 'audience

5 Tá na figiúirí uile ceart agus an t-alt seo á scríobh, ach athróidh siad beagán de réir mar a théann an obair eagarthóireachta ar aghaidh. Baineann na staitisticí leis an mbliain Aibreán 2006-Márta 2007.

(viewers)' agus 'audience (listeners)'; baineann lucht craoltóireachta leas as 'lucht airdill' freisin cé nach n-aithnítear é sin go fóill ar focal.ie.

I gcásanna eile tá an scéal níos casta. Cé go mbíonn na foclóirí foinseacha ar aon dul le chéile go hiondúil, bíonn cásanna ann nuair nach dtugtar an leagan céanna Gaeilge de théarma Béarla sna foclóirí éagsúla. D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith leis seo. Scríobhadh na foclóirí thar thréimhse fhada blianta faoi stiúir saineolaithe agus eagarthóirí éagsúla. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh téarma amháin a bheith ina leasú ar théarma eile. Ó tharla nach raibh bunachar sonraí lárnach amháin ann go dtí seo, ní dhearnadh socruithe i gcónaí a bhí de réir a chéile. Sampla amháin de sin in focal.ie faoi láthair is ea an téarma Béarla 'incomplete'. De réir *Foclóir Fiontar* (2004) agus *An Foclóir Eolaíochta* (1994), is é 'neamhiomlán' an téarma Gaeilge. Sa liosta *Téarmaí Leabharlainne* (1989) agus i gceann de na meascraí téarmaí tugtar 'easnamhach', agus in *Téarmaí don Líníocht Theicniúil* (2003) agus *Foclóir Ceirdeanna agus Teicneolaíochta* (1992) tá ceithre théarma ann: 'neamhiomlán'; 'easpach'; 'easnamhach'; 'uireasach'. Is deacair don úsáideoir leas ciallmhar a bhaint as a leithéid de thaifead.

5.3 ÚSÁID AN TSUÍMh: AN COMHÉADAN POIBLÍ

Ó seoladh an suíomh i Meán Fómhair 2006, tá líon na n-úsáideoirí agus na gcuardach tar éis fás go mear. Faoi dheireadh 2007 bhí os cionn ceithre mhiliún cuardach aonair déanta air. Rinneadh 383,937 cuardach aonair i Márta 2007, cuir i gcás. Sáraíodh go hard na spriocanna a bhí i gceist leis an tionscadal an chéad lá agus léirigh an líon cuardach agus an rabharta aiseolais ó úsáideoirí go bhfuil pobal logánta agus idirnáisiúnta na Gaeilge lánnullamh agus fonnmhar chun leas a bhaint as acmhainní teanga ar líne.

Ba é an dúshlán teicniúil ba mhó ag focal.ie ná modh cuardaigh a chruthú a bheadh éasca a úsáid agus sofaisticiúil ag an am céanna, le go bhféadfadh an t-úsáideoir an téarma a bhí uaidh a fháil, nó rud éigin gar dó mura raibh an téarma áirithe sin ar fáil. Réitítear an fhadhb seo trí 'cuardach casta' a dhéanamh; má chuardaítear téarma san uimhir iolra, aimsítear aon sampla den téarma sin san uimhir uatha freisin. Ar an gcaoi chéanna, tugtar neamhaird ar chlaochluithe tosaigh, urú nó séimhiú. Tá eolas sa bhunachar téarmaíochta ar fhoirmeacha infhillte na dtéarmaí, agus úsáideann sé an t-eolas seo chun téarmaí gaolmhara a aimsiú ar gach cuardach. Mar shampla, má lorgaíonn duine an téarma 'monarcha', liostófar faoi 'Téarmaí Gaolmhara' gach téarma a bhfuil an focal 'monarcha', nó aon fhoirm infhillte de (ar nós 'monarchan', 'monarchana'), le séimhiú nó gan

séimhiú, mar chuid de: ‘limistéar monarchana’, ‘feirmeoireacht mhonarchan’, srl.

Tugtar toradh ar 76% de na cuardaigh a dhéantar, fiú agus mílitrithe (‘slan’, ‘contibutor’) agus cuardaigh fhánacha (ar nós ‘how are you’) san áireamh. Ar ndóigh ní féidir bheith cinnte gurb é an toradh a bhí ón úsáideoir a fhaigheann sé gach uair. Fadhb amháin a bhíonn ag an té a bhíonn ag cuardach in áis mar seo is ea easpa comhthéacs le míniú a thabhairt ar úsáid téarma faoi leith. Is fadhb mhór é seo i gcás théarmaíocht na Gaeilge toisc nach minic a úsáidtear cuid mhaith di taobh amuigh de théacsanna scoile. Tá i bhfad níos lú samplaí den Ghaeilge theicniúil ar an idirlíon ná mar atá de shamplaí den litriocht nó den ghnáthriseoireacht. Is deacracht bhreise é easpa mórchorpais ar líne den teanga chomhaimseartha agus modhanna cuardaigh cuí ag gabháil leis.

De réir tástála a rinneadh idir Deireadh Fómhair 2006 agus Eanáir 2007, fuarthas amach gur ar théarmaí Béarla a dhéantar an chuid is mó de na cuardaigh (62 faoin gcéad), rud a thugann le tuiscint go mbíonn lucht cuardaigh ag aistriú go Gaeilge seachas go Béarla agus go bhfuil siad ag iarraidh iad féin a chur in iúl i nGaeilge seachas an Ghaeilge a thuiscint.

D’fhéadfaí cur go mór le héifeacht focal.ie trí shamplaí úsáide a chur le cuid de na téarmaí is coitianta agus is casta, briathra agus frásaí go háirithe. Cé nach bhfuil ach cúpla míle de na samplaí seo sa bhunachar faoi láthair, tá sé i gceist tuilleadh a chur ar fáil gan mhoill. Is acmhainn luachmhar eile í an ghluais bhreise a cuireadh leis an suíomh, ina bhfuil téarmaí agus frásaí as bunachar sonraí Rannóg an Aistriúcháin. Chomh maith le téarmaí breise, tá abairtí agus frásaí sa ghluais seo a thugann comhthéacs áirithe do théarmaí, fiú más faoi chuing na reachtaíochta é.

Cuireadh fáilte roimh aiseolas ar an suíomh ó thús. Is é an gearán is coitianta ná easpa gnáthfhocal ar an suíomh. Is iomaí duine a d’iarr go slogfaí Foclóir Uí Dhónaill isteach ann. Is gnáthfhocail seachas téarmaí speisialaithe na téarmaí is minicí a chuardaítear.⁶ Cé go bhféadfaí bheith ag súil leis seo agus na téarmaí sin in úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla, léiríonn sé freisin go bhfuil focal.ie á

⁶ Go dtí 1 Meitheamh 2007, seo iad an 50 téarma is mó a cuardaíodh: hello (1374 cuardach); performance; potential; project; consider; section; experience; area; website; access; process; work; report; love; control; record; issue; condition; development; commitment; initiative; application; model; design; action; happy; contribution; balance; production; for; success; review; quality; thank you; future; benefit; support; internet; programme; decision; community; interest; property; contact; set; activity; environment; approach; position; promote (581 cuardach).

úsáid go coitianta mar ghnáthfhoclóir.⁷ Ní hionadh sin i gcomhthéacs na n-easnamh a pléadh thuas i réimse na foclóireachta. Is sceach i mbéal bearna é focal.ie sa chás seo. Tá bundifríocht idir an fhoclóireacht agus an téarmaíocht. Ní féidir le bunachar a fáisceadh as foinsí *in vitro* ar nós *An Foclóir Eolaíochta* nó *An Foclóir Fiseolaíochta agus Sláinte* leaganacha snasta dúchasacha a sholáthar don chaint bheo sa chreatlach chéanna. Ní mór do théarmaí bheith intuigthe, beacht, agus de réir an chórais idirnáisiúnta lipéadaithe. Tá sé sin déanta go rímhaith ar an iomlán. Ach má úsáidtear bunachar téarmaíochta in ionad príomhfhoclóra, is cinnte gur boichte agus gur éadoimhne an teanga a shaothrófar.

Is gá cuimhneamh i gcónaí gur foclóir saintéarmaí é focal.ie. Go deimhin is minic nach luaitear ann an ghnáthúsáid is coitianta sa teanga bheo. Má chuardaítear ‘sister’, mar shampla, faightear na téarmaí Gaeilge seo a bhfuil ‘sister’ mar chuid den téarma Béarla a fhreagraíonn dóibh: ‘Aontas na Siúracha Teagaisc’, ‘Comhordaitheoirí Banaltraí Ailse’, ‘siúr mhisinéireachta’, ‘Siúracha na Toirbhearta’, ‘bloc fidile’, ‘comheaglais’, ‘comhcholáiste’, ‘cúpla’, ‘siúr theagaisc’, ‘an Phléadach’, ‘an tÉillín’, ‘an Streoillín’, ‘an Tréidín’ agus ‘Pleiades’. Ní mór an cúnamh é sin don dalta scoile atá ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar a theaghlach!

Mar sin, ní thugann focal.ie léargas ar an teanga mar atá sí *in vivo*, rud a dhéanfadh foclóir. Cuirtear díomá nó dul amú féin ar an úsáideoir toisc nach bhfuil an t-aistriúchán a bhí uaidh ar fáil. Cailltear na buntáistí a bheadh ag baint le foclóir maith dátheangach: plé cuimsitheach ar fhocail agus ar theilgin chainte chomóna, cur síos ar úsáidí éagsúla, taifead corpasbhunaithe ar an teanga mar a labhraítear agus mar a úsáidtear í *in vivo*. Ní mór a rá arís nach locht ar focal.ie ná ar obair an Choiste Téarmaíochta é seo, ach, de cheal foclóra, go bhfuil leas á bhaint as obair an Choiste, agus as focal.ie, nár ceapadh riamh dóibh.

Aithníonn Ó Ruairc (2007) agus údair eile ar nós O’Connell & Walsh (: 39) gur tairseach ré nua ba ea focal.ie a thionscnamh. Cuireadh bonn seirbhíse gairmiúil faoin soláthar poiblí agus cuireadh córas bainistíochta téarmaí don ré úr ar fáil don Choiste Téarmaíochta. Acmhainn bheo sholúbtha í a bheidh oiriúnach do chóirithe nua ag freagairt d’éilimh nua amach anseo.

7 Ar an taobh eile den scéal, agus in ainneoin gach dearbhú gur bunachar téarmaí agus nach foclóir ginearálta é focal.ie, tá míreanna áirithe ann a bhaineann leis an saol laethúil. Tá go leor iontrálacha sa bhunachar nach téarmaí iad i ngnáthbhrí an fhocail sin (‘punc-rac’, ‘fón póca’, ‘daidí na Nollag’). Ní i mbunachar téarmaí a bheadh súil lena leithéid ach i bhfoclóir. Ach cheal foclóirí ginearálta Béarla-Gaeilge agus iad nuashonraithe go rialta, tá gnáthfhocail agus nathanna á gcur isteach ag an bpobal mar iarratais ar an gCoiste Téarmaíochta leis na blianta fada.

6. CONCLÚID ACHOMAIR

Má fhéachtar ar staid na téarmaíochta (agus go deimhin, na pleanála teanga tríd is tríd), tugtar dhá rud faoi deara. Ar an gcéad dul síos, tá spéis agus dea-mhéin i measc lucht labhartha na teanga. A chomhartha seo an úsáid a bhaintear as na hacmhainní atá ar fáil, dála focal.ie agus fóram acmhainn.ie, an plé a dhéantar ar na ceisteanna ag lucht na meán agus go háirithe an mhórobair dheonach a dhéantar ó mhí go mí faoi scáth an Choiste Téarmaíochta. Os a choinne sin, tá an obair théarmaíochta an-scoite amach ón bpobal. Cur chuige ó bharr anuas atá i gceist, agus téarmaíocht á riar ar mhuintir na Gaeilge gan aon phlé. Is beag taighde a rinneadh go dtí seo ar na téarmaí a théann sa chúrsaíocht agus an leas a bhaintear astu; is beag obair ransaithe corpais a dhéantar, cé go dtabharfadh sé seo eolas luachmhar ar an téarmaíocht bheo. Ní i gcónaí a chuirtear na téarmaí atá ag teastáil ar fáil go pras. Easpa acmhainní is cúis le go leor de seo, ar ndóigh, gan trácht ar lagchomhthéacs straitéise, easnamh nach mbaineann le hacmhainní amháin. Tá cás láidir ann rannpháirtíocht an phobail a threisiú sa phróiseas cruthaithe téarmaí, mar a mholann UNESCO ina gcuid treoirlínte dea-chleachtais:

It is important to harness the motivating power created by a broad spirit of inclusiveness and to avoid negative attitudes that may arise if stakeholders feel overlooked, disregarded or left out of the process of creating a terminology policy. (: 33)

Aontaítear go forleathan go bhfuil an cur chuige comhpháirteach seo feiliúnach do mhionteangacha go háirithe. Dá mba mhian le Foras na Gaeilge, b'fhiú tosú leis na meáin mar chur chuige eiseamláireach nua ina gcothófaí dioscúrsa agus idirphlé rathúil, agus seirbhís idirghníomhach mar thaca ar-líne leis an obair bheo. Is díol suntais é a mhéad dul chun cinn atá déanta ag na Bascaigh agus na Catalónaigh maidir le saothrú gairmiúil na téarmaíochta, agus go háirithe an machnamh ceannródaíoch a léiríonn siad maidir le bainistiú na téarmaíochta agus a fréamhú sa phobal.

Scáthán is ea stair agus staid na téarmaíochta Gaeilge ó thús na hathbheochana ar bhuananna agus ar laigí na Gaeilge féin. Tá croí na teanga lagaithe sa tréimhse sin agus na pobail dúchais cúngaithe go mór. Tréigeadh ceirdeanna agus réimsí saoil a raibh focalstór saibhir ag gabháil leo. Os a choinne sin tá fearainn úra saothraithe ag scríbhneoirí agus ag cainteoirí ar fhoghlaim a bhformhór an teanga. I mbeagán focal, chúngaigh an téarmaíocht *in vivo*, agus mhéadaigh an ghníomhaíocht *in vitro* as cuimse.

Bhí scéim aistriúcháin an Ghúim ann tráth, cainteoirí dúchais ag aistriú mórshaothar clasaiceach go Gaeilge. Tá muileann eile i mbun aistriúcháin ina ionad sin inniu, áfach: tuarascálacha iomadúla ag

forais phoiblí á n-aistriú de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla. Béarlágair na téarmaíochta atá i réim cuid mhaith, agus í riachtanach don ollsaothar seo go léir. Teanga ghasta ag friotháil ar riachtanais na reachtaíochta seachas friotal fileata, liteartha nó pobail atá á saothrú den chuid is mó.

Soláthraíonn na meáin leictreonacha, le cliceáil ghasta agus freagra pras, do riachtanais na gceardaithe nua—aistritheoirí, iriseoirí, teagascóirí. Fuasclaíonn an réiteach leictreonach an téarmaíocht agus an fhoclóireacht ó bhuanstálú an fhocail chlóite, go háirithe i dteanga atá lag cheal pleanála agus cheal acmhainní. Spreagann meán úr foilsithe modhanna nua oibre díreach mar a tharla nuair a tréigeadh na lámhscríbhinní le teacht an chló. Is féidir bheith ag súil le hathruithe sna cleachtais oibre i mbainistiú gnéithe den phleanáil agus den chruthú corpais sa Ghaeilge de thoradh focal.ie, cleachtais a bheidh ag freagairt don mheán úr agus d'éileamh an phobail dá réir.

Tá laincísí móra, áfach, ag baint le réitigh leictreonacha amháin gan pleanáil chorpais ar bhonn níos leithne agus cúram cóir a dhéanamh den fhoclóireacht freisin. Taisce is ea foclóir ar shaíocht agus ar shaol. Is ealaín seachas eolaíocht ar deireadh í an fhoclóireacht agus má bhearrtar agus má lomtar siar an teanga in oiriúint don chliceáil shíoraí, beidh cailteanas níos fairsinge ann ná na fearainn bhána gan saothrú. Tá an baol ann gur turgnamh *in vitro* amháin a bheidh sa nuathéarmaíocht mura mbainfidh sí le pobal agus mura mbainfidh pobal léi. B'fhéidir nach bhfuil ann ach tairngreacht Yeats faoin athbheochan i 1904, a luann Kiberd (: 221): "It may be the language of a nation, and yet losing all that has made it worthy of a revival," nó smaoineamh bunaidh Synge "if this language was padded out to suit modern use it would surely be misused by journalists and fools and translators." Fágfaimid an focal deiridh ag Kernerman (: 1266), foclóirí as Iosrael, a thráchtann ar na mórathruithe ar an bhfoclóireacht lenár linn agus ar an tábhacht a bhaineann le saothrú na ceirde sin go cuimsitheach:

Each new edition of every dictionary is a replica-in-language-form of the society whose language it documents. Actually, the documentation of words and their uses is the most accurate reflection of a society that it is possible to attain. No other form of writing can achieve such a close-to-perfect image of any sector of a society (no less society in its totality) than a dictionary can – neither fiction, history books nor even encyclopedias. No other form of human creativity – whether poetry, music, art, photography, theater or dance – no other activity whether mechanical, technological or electronic – can delve into every nook and cranny of humankind, as does a dictionary's representation of a language's words and their uses. People do not think of dictionaries as history books, but that is exactly what they are.

Each new word or meaning describes a change in society. Likewise, each word or meaning that drops out of use, reflects its own particular societal change.

LEABHARLIOSTA

- Acadamh Ríoga na hÉireann. 2004. *Corpas na Gaeilge 1600-1882*. Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath.
- Binchy, D.A. (eag.) 1978. *Corpus Iuris Hibernici*. Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.
- Breathnach, C. 1993. 'Spléachadh ar obair na Téarmaíochta' in *Teangeolas* 32: 17-24.
- . 1997. 'Gnó an Choiste Téarmaíochta agus Obair an Iriseora' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 38-44.
- Breatnach, L. 1994. 'An Mheán-Ghaeilge' in McKone *et al.*: 221-334
- Calvet, L. 1999. *Pour une écologie des langues du monde*. Plon, Páras.
- . 2002. *Le marché aux langues: les effets linguistiques de la mondialisation*. Plon, Páras.
- Coimisiún na gComhphobal Eorpach. 1976. *Liosta d'Abairtí as Conarthaí Tionscanta na gComhphobal Eorpach*. Coimisiún na gComhphobal Eorpach, Lucsburg.
- Cronin, M. 1996. *Translating Ireland: Translation, Languages, Cultures*. Cork University Press, Corcaigh.
- de Bhaldraithe, T. (eag.) 1959. *English-Irish Dictionary*. An Gúm, Baile Átha Cliath.
- (eag.) 1978. *English-Irish Dictionary: Terminological Additions and Corrections*. An Gúm, Baile Átha Cliath.
- FitzGerald, G. 2005. *Ireland in the World: Further Reflections*. Liberties Press, Baile Átha Cliath.
- Kernerman, A. 2006, 'Two Decades of Pedagogic Lexicography' in Corino, Marello & Onesti (eag.): *Proceedings XII Euralex Congress, Vol II*. Edizioni dell'Orso, Alessandria: 807-812.
- Kiberd, D. 1979. *Synge and the Irish Language*. Macmillan, Londain.
- Mac Airt, S. 1971. 'The Development of Early Modern Irish Prose' in *Seven Centuries of Irish Learning* (eag. B. Ó Cuív; Mercier, Baile Átha Cliath): 103-114.
- Mac Corraidh, S. 2004. *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir*. An Clóchomhar, Baile Átha Cliath.
- Mac Lochlainn, A. 2000. *Cuir Gaeilge Air*. Cois Life, Baile Átha Cliath.

- Mac Maoláin, S. 1957. *Lorg an Bhéarla*. An Gúm, Baile Átha Cliath. Athchló ar líne (2003) ag <http://www.acmhainn.ie/athchlo/lorganbhearla/>
- Mac Mathúna, L. 1997. 'Ar thóir an fhocail chruinn: polasaí agus cur chuige lucht iriseoireachta, téarmaíochta agus oideachais' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 55-62.
- Mac Néill, E. 1908. 'Tréigidh bhur dTrom-Shuan' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 18/1: 13-20.
- McKenna, L. 1935. *English-Irish dictionary*. An Gúm, Baile Átha Cliath.
- McManus, D. 1994. 'An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach' in McKone *et al.*: 335-446.
- McKone, K., McManus, D., Ó Háinle, C., Williams, N. & Breatnach, L. (eag.). 1994. *Stair na Gaeilge*. Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- Nic Eoin, M. 1997. 'Teidil, téarmaí agus Béarla-gair: fadhbanna aistriúcháin i meáin chumarsáide na Gaeilge' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 1-9.
- & Mac Mathúna, L. (eag.) 1997. *Ar Thóir an Fhocail Chruinn*. Coiscéim, Baile Átha Cliath.
- Nic Pháidín, C. 1998. *Fáinne an Lae agus an Athbheochan (1898-1900)*. Cois Life, Baile Átha Cliath.
- , Ní Ghallchobhair, F. & Ó Baoill, D. 1999. *Ar Thóir na bhFocal*. Bord na Gaeilge, Baile Átha Cliath.
- Ní Chatháin, M. 1997. 'Ag réiteach ábhair don chló' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 22-26.
- Ní Chiaragáin, E.M. (eag.) 1935. *Index do Irisleabhar na Gaedhilge*. The Sign of the Three Candles, Baile Átha Cliath.
- Ní Ghréacháin, B., Uí Bhraonáin, D. & Nic Pháidín, C. 2004. *Tuarascáil ar Earnáil an Aistriúcháin Ghaeilge*. Tuarascáil inmheánach neamhfhoilsithe réitithe ag Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, d'Fhoras na Gaeilge.
- Ó Broin, L. 1934. *Cogadh na Reann*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.
- Ó Canainn, A. 1994. 'Réamhaistritheoireacht, cainníochtaíocht agus briseadh gaoithe' in *Comhar* (Samhain): 4-12.
- Ó Casaide, G. 1997. 'Ag aistriú don Státchóras' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 45-48.
- Ó Catháin, L.S. 2001. *Focal sa Chúirt*. Coiscéim, Baile Átha Cliath.
- O'Connell, E. & Walsh, J. 2006. 'The translation boom: Irish and language planning in the twenty-first century' in *Administration* 54/3: 22-43.

- Ó Dónaill, N. (eag.) 1978a. *Foclóir Béarla-Gaeilge*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.
- , 1978b. *Tuairisc inmheánach chlóschríofa ar chruthú an fhoclóra*. Neamhfhoilsithe.
- Ó Gaora, P. 1997. 'Ceart na teanga agus riachtanais na hiriseoireachta' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 10-13.
- Ó hÓgáin, É. 1983. 'Téarmaí teicniúla sa Ghaeilge: caighdeánú agus ceapadh le céad bliain anuas' in *Teangeolas* 17: 27-33.
- Ó Maoláin, S. 1907. 'Aibhléis' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 17, uimh. 28/207: 440-4.
- Ó Murchú, S. 1997. 'Ag aistriú don raidió' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 14-21.
- Ó Néill, E. 1997. 'Iriseoirí sa líne tosaigh' in Nic Eoin & Mac Mathúna: 27-30.
- Ó Riain, S. 1994. *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*. Carbad i gcomhar le Bord na Gaeilge, Baile Átha Cliath.
- Ó Ruairc, M. 2007. *Aistrigh Leat*. Cois Life, Baile Átha Cliath.
- Ó Súilleabháin, A. (eag. T. de Bhaldraithe). 1973. *Cín lae Amhlaoibh*. An Clóchomhar, Baile Átha Cliath.
- Pléimion, S. 1882. 'An Ghaedhilig ins an naomhadh aois deug' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 1/1: 1-5.
- Power, M. (eag.) 1914. *An Irish Astronomical Tract*. Irish Texts Society, Londain.
- Rannóg an Aistriúcháin. 1958. *Gramadach agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.
- Rialtas na hÉireann. 1958. *Téarmaí Dlí*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.
- Ua Laoghaire, an tAth. P. 1929. *Papers on Irish Idiom*. Browne and Nolan, Baile Átha Cliath.
- Ua Luingsigh, D. 1899a. 'Bearlagar na saor' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 10/110: 31.
- , 1899b. 'Names of Birds and Plants' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 10/110: 31.
- Údar neamhaithnid. 1896. 'Irish technical terms for use at meetings' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 7/3: 39-40.
- Uí Bhraonáin, D. (eag.) 2004. *Foclóir Fiontar Gaeilge-Béarla/English-Irish Dictionary of Terminology*. Fiontar, Baile Átha Cliath.
- Uí Chollatáin, R. 2004. *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932*. Cois Life, Baile Átha Cliath.
- Uí Laighléis, G. 2003. *Seán Mac Maoláin agus Ceart na Gaeilge*. Cois Life, Baile Átha Cliath.

- UNESCO. 2005. *Guidelines for Terminology Policies. Formulating and implementing terminology policy in language communities.* UNESCO, Páras.
- Wells, H.G. 2002. *The War of the Worlds.* Modern Library, Nua Eabhrac.
- Williams, N.J.A. 2002. *Caighdeán Nua don Ghaeilge.* Coiscéim, Baile Átha Cliath.
- Wulff, W. (eag.) 1929. *Rosa Anglica seu Rosa Medicinae Johannis Anglici.* Irish Texts Society, Londain.